



Office of the Comptroller and Auditor General
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Treoir maidir le Saoráil Faisnéise

Treoir maidir le feidhmeanna agus taifid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus maidir le rialacha agus nósanna imeachta bainteacha

(arna heisiúint de réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014)

Aibreán 2016

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

Cúlra	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Sriantha le feidhm an Achta	1
1.3 Faisnéis a bhíonn ar fáil sa ghnáthchúrsa	2
Cur Síos agus Feidhmeanna	3
2.1 Ról an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	3
2.2 Sainchúram Iniúcháireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	3
2.3 Torthaí Iniúchta a Thuairisciú	4
Struchtúr na hEagraíochta	5
3.1 Struchtúr na hEagraíochta	5
Rialacha agus Nósanna Imeachta	6
4.1 Rannóg na Seirbhísí Lárnacha	6
4.2 Iniúchadh Airgeadais	6
4.3 Tuairisciú	6
Seachadadh Seirbhíse	7
5.1 Aschur	7
5.2 Cén fhaisnéis atá ar fáil?	7
5.3 Cá bhfuil an fhaisnéis ar fáil faoi láthair?	7
Cén chaoi Iarratas ar Fhaisnéis a dhéanamh	8
6.1 Iarratas a dhéanamh ar Fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise	8
6.2 Céard iad na táillí a ghearrfar?	8
6.3 Ceart Athbhreithnithe agus Achomhairc	9

Cúlra

1.1 Réamhrá

Tiomsaíodh an lámhleabhar seo i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (ASF) go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun taifid oifigiúla a rochtain atá i seilbh Ranna Rialtais agus na gcomhlachtaí poiblí uile atá ag teacht le forálacha Alt 6 den Acht um Shaoráil Faisnéise;
- an ceart chun faisnéis phearsanta atá ina seilbh acu a cheartú nó a nuashonrú má bhíonn an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart chun míniú a fháil ar chinntí a rinne comhlachtaí poiblí a théann i bhfeidhm orthu.

Ciallaíonn na cearta sin gur féidir le daoine iarraidh ó dháta áirithe (an 21 Aibreán 1998) rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta atá á coimeád fúthu is cuma cén uair a cruthaíodh an fhaisnéis, agus ar thaifid eile a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 1998.

Dearbhaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir é sin i gcomhréir le leas an phobail agus le ceart daoine aonair chun príobháideachta.

Is í aidhm na treorach seo rochtain ar fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh na hOifige seo a éascú trí chur síos a dhéanamh ar

- na haicmí faisnéise a fhoilsímid nó a bhfuil sé ar intinn againn a fhoilsiú
- struchtúr agus feidhmeanna na hOifige
- sonraí faoi na seirbhísí a sholáthraímid agus cén chaoi ar féidir leas a bhaint astu
- faisnéis faoi na haicmí taifead atá againn agus
- faisnéis faoi cén chaoi iarratas a dhéanamh orainn faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Éilítear le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise orainn sonraí a fhoilsiú faoi:

- “na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht, chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí faoi réim nó chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil daoine den phobal faoina réir nó a d’fhéadfadh a bheith i dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim”, mar aon le
- “faisnéis chúil i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe faoina riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.”

1.2 Sriannta le feidhm an Achta

Foráiltear le hAlt 42 (g) den Acht um Shaoráil Faisnéise nach mbeidh feidhm aige maidir le taifead a bhaineann le hiniúchadh, cigireacht ná scrúdú arna dhéanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi na hAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

1923 agus 1993, faoi na hAchtanna um an Roinn Stáitchiste agus Iniúchta, 1866 agus 1921, ná faoi aon achtachán eile seachas

- taifead den sórt sin a cruthaíodh roimh thosach an iniúchta, na cigireachta nó an scrúdaithe, ná
- taifead a bhaineann le riar ginearálta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1.3 Faisnéis a bhíonn ar fáil sa ghnáthchúrsa

Cuireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faisnéis ar fáil don phobal i ndáil lena feidhmeanna agus a gníomhaíochtaí. Beidh an fhaisnéis sin ar fáil i gcónaí gan leas a bhaint as an Acht um Shaoráil Faisnéise. Leagtar béim sa treoir seo ar na háiteanna a bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil maidir le gníomhaíochtaí na hOifige.

Ceapadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise le go bhféadfaidh an pobal faisnéis a rochtain atá i seilbh comhlachtaí poiblí, agus NACH BHFUIL ar fáil de ghnáth ó fhoinsí eile. Tá rochtain ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir díolúintí áirithe agus bíonn nósanna imeachta agus teorainneacha ama i gceist. Tá mionsonraí maidir le struchtúr na hOifige le fáil sa treoir seo chun cabhrú leat eolas a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Cur Síos agus Feidhmeanna

2.1 Ról an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá ról lárnach ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir le cuntasacht phoiblí trí dhearbhu a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcaoi a bhfuil cistí poiblí á riar agus tuarascálacha a sholáthar di ar ghnéithe a eascraíonn as iniúchtaí agus as scrúduithe reachtúla eile. Déanann an Coiste um Chuntais Phoiblí de chuid Dháil Éireann na tuarascálacha sin a mheas.

Is í príomhobair na hOifige ná iniúchtóireacht airgeadais a stiúradh a chríochnaíonn le tuairim bhliantúil ar chuntais uile an Stáit agus comhlachtaí státurraithe atá laistigh de réimse iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Is éard a bhíonn i gceist leis an obair sin ná scrúdú a dhéanamh ar chuntais na n-eintiteas sin, agus ar na taifid agus ar na hidirbhearta a bhíonn taobh thiar díobh, d'fhonn a chinntiú

- go dtugann na cuntais léargas ceart ar na hidirbhearta
- go bhfuil na hidirbhearta a taifeadadh sna cuntais rialta - gur cuireadh i bhfeidhm iad chun na gcríoch a bhí beartaithe dóibh agus de réir na rialacha a rialaíonn iad.

Déanann an Oifig raon oibre eile atá deartha chun tástáil a dhéanamh ar bhonn lánroghnach, lena fháil amach

- an bhfuair eagraíochtaí Stáit luach ar airgead
- ar cuireadh prionsabail dea-bhainistíochta airgeadais i bhfeidhm maidir le riar cistí poiblí
- i gcás comhlachtaí a fhaigheann níos mó ná 50% dá maoiniú ón Stát, ar cuireadh na cistí sin i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe
- ar stiúradh gnó poiblí i gceart.

Ós rud é gurb é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Reachtair an Stáitchiste, tugann sé údarás chun cistí a scaoileadh ón Stáitchiste ar fhoréileamh an Aire Airgeadais nó Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Ní mór do na cistí a fhoréilítear a bheith chun críocha atá ceadaithe le dlí agus ní féidir ach an méid a údaraíonn Dáil Éireann a tharraingt anuas.

2.2 Sainchúram Iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá os cionn 290 cuntas airgeadais phoiblí laistigh de shainchúram iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a chuimsíonn:

- Cuntais Leithreasa Ranna agus Oifigí Rialtais
- Cuntais Airgeadais (idirbhearta an Phríomh-Chiste)
- An earnáil airgeadais, amhail Banc Ceannais na hÉireann, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.
- Cuntais faoi obair bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim
- Comhlachtaí Státurraithe Neamhthráchtála
- Institiúidí Oideachais Tríú Leibhéal
- Boird Oideachais agus Oiliúna
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí sláinte.

- comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla áirithe
- cistí áirithe agus fochuideachtaí áirithe de chuid comhlachtaí a ndéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu
- Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.

Is í an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh ar na húdaráis thofa áitiúla. Is iad gnólachtaí san earnáil phríobháideach a dhéanann iniúchadh ar Chomhlachtaí Tráchtála Stáit.

Is féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar leabhair, cuntais agus taifid eile na gcomhlachtaí sin a fhaigheann 50% nó níos mó dá n-ioncam bliantúil ón Stát lena áirithiú, i measc nithe eile, gur caitheadh airgid den sórt sin chun na gcríoch a bhí beartaithe dóibh agus gur cloíodh le haon choinníollacha a bhí ag gabháil le deonú na suimeanna airgid sin.

2.3 Torthaí Iniúchta a Thuairisciú

Déantar torthaí iniúchta a thuairisciú do Dháil Éireann ar dhá phríomhbhealach:

- trí dheimhnithe nó tuarascálacha iniúcháireachta a thugann tuairim iniúcháireachta ar chruinneas na ráiteas nó na gcuntas airgeadais
- trí thuairiscí ar easnaimh i mbainistíocht airgeadais na n-eintiteas aonair agus nithe eile is dócha a mbeach ina gcúis imní do Dháil Éireann.

Is cáipéisí poiblí iad na tuarascálacha sin agus cuirtear ar fáil don phobal iad tráth a gcuirtear faoi bhráid Dháil Éireann iad, áit a ndéanann an Coiste um Chuntais Phoiblí iad a mheas i seisiún poiblí.

Struchtúr na hEagraíochta

3.1 Struchtúr na heagraíochta

Soláthraíonn Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an fhoireann agus an tacaíocht a bhíonn ag teastáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun a dhualgas bunreachtúil agus reachtúil a chomhlíonadh.

Tá an Oifig eagraithe ina trí stiúrtóireacht faoi bhainistíocht ghinearálta triúr Stiúrtóirí Iniúcháireachta agus feidhmíonn duine acu freisin mar an Rúnaí agus Oifigeach Cuntasáíochta na hOifige. Amhail an 31 Nollaig 2015, is mar seo a leanas a bhí líon foirne na hOifige:

- Stiúrtóirí Iniúcháireachta
- Leas-Stiúrtóirí Iniúcháireachta
- Iniúcháirí Sinsearacha
- foireann iniúcháireachta eile agus
- foireann chléireachais/foireann tacaíochta.

Tá ceannáras agus seoladh na hOifige i gcomhair comhfhreagrais ag

3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Is féidir cairt eagrúcháin Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ina bhfuil réimsí freagrachta na Stiúrtóirí Iniúcháireachta agus na Leas-Stiúrtóirí Iniúcháireachta leagtha amach, a fháil ar láithreán gréasáin na hOifige <https://www.audit.gov.ie/ga/>

Rialacha agus Nósanna Imeachta

4.1 Rannóg na Seirbhísí Lárnacha

Tá i gceist le Rannóg na Seirbhísí Lárnacha na rannóga cuntais, áiseanna, TF agus pearsanra, atá freagrach as soláthar earraí agus seirbhísí, agus as próiseáil íocaíochtaí le daoine aonair agus cuideachtaí.

Rialacha agus Nósanna Imeachta

Tá na rialacha agus na nósanna imeachta faoina bhfeidhmíonn Rannóg na Seirbhísí Lárnacha i gcomhréir le

- Na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí - atá ar fáil ag <http://govacc.per.gov.ie/>
- Ciorcláin faoi chúrsaí pearsanra agus pá, ciorcláin faoi thaisteal agus chothabháil agus treoirlínte faoi chúrsaí soláthair arna n-eisiúint ó am go ham ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - féach <http://circulars.gov.ie>

4.2 Iniúchadh Airgeadais

Déanann an Oifig iniúchadh airgeadais ar líon níos mó ná 290 rannóg rialtais agus comhlacht Stáit a bhfuil cur síos déanta orthu thuas.

Rialacha agus Nósanna Imeachta

Déanann an Oifig iniúchadh airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (ISA na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann).

4.3 Tuairisciú

Táirgeann an Oifig tuarascálacha lánroghnacha mar a thuairiscíodh sna codanna roimhe seo.

Rialacha agus Nósanna Imeachta

Cuireann an Oifig tuarascálacha ar fáil de réir fhorálacha Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Seachadadh Seirbhíse

5.1 Aschur

Foilsíonn an Oifig tuairimí iniúchóireachta gach bliain ar chuntais leithreasa ranna an rialtais láir, tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, mar aon le tuarascálacha a chlúdaíonn topaicí maidir le luach ar airgead agus nithe ginearálta a eascraíonn as iniúchóireacht ar chomhlachtaí stáit.

Eisíonn sí tuairimí iniúchóireachta freisin ar ráitis airgeadais comhlachtaí eile atá faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus cuireann an tAire ábhartha de chuid an Rialtais faoi bhráid Dháil Éireann iad.

5.2 Cén fhaisnéis atá ar fáil?

Tá an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ón Oifig

- tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí, lena n-áirítear tuairimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar chuntais leithreasa ranna rialtais
- tuarascálacha speisialta, lena n-áirítear tuarascálacha maidir le ceisteanna ginearálta a eascraíonn as a hiniúchadh airgeadais agus a scrúduithe ar luach ar airgead
- Ráiteas Straitéise na hOifige
- faisnéis chorparáideach.

Ceanglaítear tuairimí iniúchóireachta ar chuntais na gcomhlachtaí stáit a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu mar aguisín leis na foilseacháin sin agus cuireann an tAire ábhartha de chuid an Rialtais faoi bhráid Dháil Éireann iad. Is féidir na ráitis airgeadais iniúchta a fháil de ghnáth ón gcomhlacht féin nó óna láithreán gréasáin.

5.3 Cá bhfuil an fhaisnéis ar fáil faoi láthair?

Cuirtear gach ceann de thuarascálacha foilsithe an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi bhráid Dháil Éireann agus bíonn siad ar fáil i bhformáid leictreonach ar láithreán gréasáin na hOifige <https://www.audit.gov.ie/ga/>

Coinníonn an Oifig taifid phearsanra ar a baill foirne go léir agus comhaid riaracháin ghinearálta ina hoifig.

Cén chaoi iarratas ar Fhaisnéis a dhéanamh

6.1 Iarratas a dhéanamh ar Fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Tá gach aon duine i dteideal iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le rochtain a fháil ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil go poiblí ar bhealach eile. Tá sé de cheart ag gach duine, faoi réir shrianta Alt 42 den Acht:

- rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh na hOifige
- faisnéis phearsanta faoin duine féin atá i seilbh na hOifige a cheartú más rud é go bhfuil sí míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach
- teacht ar na cúiseanna a bhí le cinntí a rinne an Oifig a bhfuil tionchar díreach acu ar an duine féin

Tá na taifid seo a leanas laistigh de raon feidhme an Achta:

- gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá i seilbh na hOifige, is cuma cathain a cruthaíodh iad
- taifid eile arna gcruithú ón dáta tosaithe .i. an 21 Aibreán 1998
- aon taifid eile atá riachtanach chun an taifead reatha a thuiscint

Tá sé d'oibleagáid ar an Oifig freagra a thabhairt ar an iarratas laistigh de 4 seachtaine.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a sheoladh chuig:

Emer Corcoran, Uasal
An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1.
Teil. 01 8638648
Ríomhphost emer.corcoran@audit.gov.ie

Ba cheart iarratais a dhéanamh i scríbhinn nó tríd an ríomhphost agus ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu

- Ráiteas go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise;
- An oiread eolais agus is féidir faoi na taifid atá á lorg;
- An fhormáid inar mhian leat aon taifid a scaoilfear a fháil (m.sh. mar fhótachóipeanna)

Má bhíonn deacracht agat na taifid shonracha atá uait a aithint, cabhróidh foireann na hOifige leat chun d'iarratas a ullmhú.

6.2 Céard iad na táillí a ghearrfar?

Níl aon táille ar iarratas a chur isteach.

Maidir le hiarratais neamhphearsanta, féadfar táillí eile a ghearradh i leith an mhéid ama a chaitheofar agus iarraidh na taifid a fháil agus i leith aon chostais atáirgthe a thabhoíd an Oifig chun an t-ábhar a lorg tú a sholáthar duit (costais cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála). Ní ghearrfar aon táille ort má bhíonn an costas cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála níos lú ná €101. Má bhíonn an costas cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála níos mó ná €500 ach faoi bhun €700, bíonn feidhm ag táille uasta €500. Má bhíonn an costas cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála níos airde ná €700, féadfaimid diúltú an t-iarratas a phróiseáil. Déanfar na táillí iarbhír a bhaineann le d'iarratas a chur in iúl duit i scríbhinn. Ba cheart íocaíocht a dhéanamh trí ríomhaistriú airgid. Téigh i dteagmháil leis an Aonad um Shaoráil Faisnéise chun sonraí bainc a fháil. Tá liosta de na táillí ábhartha leagtha amach thíos:

Liosta na dTáillí

- Níl aon táille ar iarratas a chur isteach
- Cuardach agus Aisghabháil - €20 in aghaidh na huairé (i gcás iarratas atá níos airde ná an íostáille €100 ó thaobh cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála de), faoi réir na n-uasteorainneacha thuasluaite.
- €0.04 in aghaidh an leathanaigh fhótachóipeáilte
- Táille le haghaidh athbhreithniú inmheánach €30 (€10 i gcás sealbhóirí cárta leighis)
- Achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise €50 (€15 i gcás sealbhóirí cárta leighis)

Nótaí:

1. Ní ghearrfar aon táille mura mbíonn sna taifid atá i gceist ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir, ach amháin má bhíonn líon suntasach taifead i gceist.
2. Má tá tú ag éileamh táille iarratais laghdaithe, ní mór duit uimhir chláráithe do Chárta Leighis agus d'ainm a thabhairt in éineacht leis an iarratas, mar aon le do thoiliú go bhfíorófar na sonraí sin leis an eisitheoir.
3. Tá liosta iomlán na dtáillí ar fáil ach iad a iarraidh.

6.3 Ceart Athbhreithnithe agus Achomhairc

Tá réimse díolúintí leagtha amach san Acht chun eolas íogair a chosaint sa chás go ndéanfaidh nochtadh an eolais sin dochar do leas an Stáit nó tríú páirtithe. Sa chás go mbainfidh an Oifig feidhm as na forálacha sin chun faisnéis a choinneáil siar, féadfar an cinneadh a achomharc. Féadfar cinntí maidir le hiarchur rochtana, táillí, cineálacha éagsúla rochtana, srl. a achomharc chomh maith. Tá sonraí faoi na meicníochtaí achomhairc éagsúla leagtha amach thíos

Athbhreithniú Inmheánach

Is féidir leat athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar an gcinneadh tosaigh agus is oifigeach ar leibhéal níos airde a dhéanfaidh é sin más rud é:

- (a) go bhfuil tú míshásta leis an bhfreagra tosaigh .i. diúltú faisnéise, foirm rochtana, táillí, srl. nó
- (b) mura bhfuil freagra faighte agat laistigh de 4 seachtaine ón am a ndearna tú an chéad iarratas. Measfar gur diúltaíodh do d'iarratas sa chás sin agus féadfaidh tú athbhreithniú inmheánach a iarraidh.

D'fhéadfadh sé go mbeadh feidhm ag táille €30 i gcás achomhairc den sórt sin (€10 i gcás sealbhóirí cárta leighis).

Ba cheart iarratais ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh i scríbhinn chuig:

An tUasal Paul Southern
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1.
Teil. 01 8638600
Ríomhphost paul.southern@audit.gov.ie

Ní mór duit iarratas ar athbhreithniú inmheánach a chur isteach tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis an chinnidh tosaigh. Ní mór don Oifig an t-athbhreithniú a chríochnú laistigh de thrí seachtaine. Ní mór don athbhreithniú inmheánach a bheith críochnaithe sula bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise sa ghnáthchúrsa.

Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú inmheánach curtha chun críche, féadfaidh tú a iarraidh ar an gCoimisinéir Faisnéise athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcinneadh. Lena chois sin, mura bhfuair tú freagra ar d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach laistigh de thrí seachtaine, measfar gurb ionann é sin agus diúltú duit agus féadfaidh tú achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir.

Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh i scríbhinn go díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Ba cheart gach achomharc a sheoladh chuig:
An Coimisinéir Faisnéise,
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
D02 HE97
Teil: +353 (1) 639 5689
Íosghlao: 1890 22 30 30
Facs: +353 (1) 639 5674
Ríomhphost: info@oic.ie

D'fhéadfadh sé go mbeadh táille €50 i gceist le hiarratas den sórt sin (€15 i gcás sealbhóirí cárta leighis). Arís, ní ghearrfar aon táille as achomhairc chun Oifig an Choimisinéara Faisnéise maidir le faisnéis phearsanta fút féin ná maidir le cinneadh chun táille nó éarlais a ghearradh.

GLUAIS TÉARMAÍ

Cuntas Leithreasa

Cuntas deiridh bliana ar chaiteachas nó eisiúintí airgid arna vótáil ag Dáil Éireann i ndáil le gach Roinn Rialtais nó Oifig Rialtais. Déantar comparáid ann idir an Meastachán a dheonaigh Dáil Éireann agus na híocaíochtaí iarbhír a rinneadh agus fáltais iarbhír a tugadh chun cuntais, agus mínítear aon difríochtaí suntasacha idir an meastachán a deonaíodh agus an toradh iarbhír. Bíonn mionsonraí ann freisin ar shócmhainní, ceangaltais agus fabhruithe deiridh ag deireadh na bliana.

An Lárchiste

Is é seo an cuntas de chuid an Rialtais lena n-íoctar gach fáltas Rialtais agus óna maoinítear gach caiteachas de chuid an Rialtais mura bhforáiltear a mhalairt le dlí. Tugtar cuntas ar idirbhearta an Lárchiste sna Cuntais Airgeadais bhliantúla.

Creidmheas

Údarú ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don Bhanc Ceannais, ar iarratas ón Aire Airgeadais, chun airgead a íoc le Cuntas an Stáitchiste.

Cuntais Airgeadais

Cuntais bhliantúla is ea iad sin, a chuireann an Roinn Airgeadais faoi bhráid Dháil Éireann agus ina mbíonn mionanailís agus mionrangú ar fháltais agus ar eisiúintí an Lárchiste, chomh maith le sonraí faoin bhFiachas Náisiúnta. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais sin a iniúchadh.

Caiteachas Neamhvótáilte

Caiteachas is ea é sin a d'fhéadfadh a thabhu ón Lárchiste, trí thagairt do reachtanna áirithe, gan tagairt a dhéanamh do Dháil Éireann sna Meastacháin gach bliain.

An Coiste um Chuntais Phoiblí

Roghchoiste de chuid Dháil Éireann is ea an Coiste um Chuntais Phoiblí, a bunaíodh chun scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar na cuntais arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar thuarascálacha éagsúla de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Comhlacht Stáit

Is iad na Comhlachtaí Stáit dá dtagraítear sa treoir seo na comhlachtaí go léir, gan ranna rialtais ná oifigí rialtais a áireamh, atá faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Is iondúil go mbunaítear Comhlachtaí Stáit den sórt sin de bhun reachtaíochta ar leith nó de bhun dhlí na gcuideachtaí. Tugtar an t-údarás iniúcháireachta faoin reachtaíocht faoina bunaíodh iad nó faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. I measc na gComhlachtaí Stáit a ndéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu tá cuideachtaí agus gníomhaireachtaí neamhthráchtála Stáit, institiúidí oideachais trú leibhéal, ospidéal Stáit agus

gníomhaireachtaí sláinte. Cuireann an tAire ábhartha de chuid an Rialtas a gcuntais faoi bhráid Dháil Éireann.

Vóta

Cuid chomhtháite de chaiteachas an Rialtais, a bhfuil aon Roinn Rialtais nó aon Oifig Rialtais amháin freagrach as, ar Roinn nó Oifig í atá cuntasach do Dháil Éireann as an gcaiteachas dá réir sin.

Caiteachas Vótáilte

Caiteachas is ea é sin ar sheirbhísí ginearálta de chuid Ranna nó Oifigí Rialtais, a sholáthraítear as airgead arna vótáil ag Dáil Éireann chun na críche sin ar bhonn bliantúil.